Bunú Ċuimne Ḋonnċa Uí Laoire

Oíċe Luain, 31 Bealtaine, seaċtain díreaċ taréis bás Ḋonnċa Uí Laoire, fear a rinne obair mór ar son na Gaeilge, ṫáinig slua le ċéile i mBaile Ṗalmair. Ḃí trí aidmeanna leis an gcruinniú; an fáinne nua a fógairt agus a scaipeaḋ sa ċear; tús a ċur le iarraċt an ċeantair i gComórtas Glór na nGael don baile is Gaelaí in Éirinn agus Craoḃ de Ċonraḋ na Gaeilge a bunú faoin ainm Craoḃ Ḋonnċa Uí Laoire.

I láṫair ag an gcruinniú ḃí Caiṁín Ó Beoláin, Aire Leasa Ṡóisialaiġ, Caṫal Ó Feinneaḋa, Uaċtarán Ċonraḋ na Gaeilge, agus Séamas Ó Caṫasaiġ, Bainisteoir an nuaċtáin Gaeilge "Inniu." Imeasc an slua a líon an seomra ḃí ionadaiṫe ó eagraíoċtaí éagsúla an ṗaróiste: Cumann Fianna Fáil, Bantraċt na Tuaiṫe, Cumann na gCáilíní, An Cumann Camógaíoċta agus eile. Tugaḋ gealltúint ó na heagraíoċtaí éagsúla go gcabróidís leo ċun an ceantar a ċur ar agaiḋ i gComórtas Glór na nGael. Tá sé beartaiṫe ag an Léigiún Muire cruinniṫe Pairísiġ a ḃeiṫ acu i nGaeilge ó ṫráṫ go ċéile; beiḋ nótaí Gaeilge i Nuaċt an Ṗaróiste; léireoiḋ an Cumann Drámaíoċta dráma Gaeilge agus tabarfar cuireaḋ do ḃuíonn aisteoirí ón Gaeltaċt dráma a léiriú sa ṗaróiste.

Sa bḞómar beiḋ daċad cuairteoirí mar aoianna ag Craoḃ Baile Ṗalmair de Ḃantraċt na Tuaiṫe, mná ó ṫíorṫa eile a ḃeiḋ ag freastal ar Ċomḋáil Doṁanda Ḃantraċt na Tuaiṫe in Áṫa Cliaṫ. Tá sé beartaiṫe ag an gCraoḃ léiriú a ṫabairt dóiḃ ar ċultúir Gaelaċ na hÉireann le linn na cuairte.

Dúirt an Caṫaoirleaċ, Séamas Ó Muireaḋaiġ, go mba ṁaiṫ leis dá mbronnfaḋ eagraíoċtaí éagsúla an ṗaróiste scoláireaċtaí Gaeltaċta ar ṗáistí a gcuid ball.

Dúirt Caoiṁín Uasal Ó Beoláin, Aire Leasa Ṡóisialaiġ, go raiḃ áṫas air tacaíoċt na gcumainn áitiúla don aṫbeoċán a ṫabairt faoi deara. Is féidir leis an rialtas cabrú leis an obair aċ braiṫeann an toraḋ ar ḋea-toil an ṗobail. Tá freagartaċ ar gaċ duine a ḋíċeall a ḋéanaṁ ċun an Ġaeilge a ċur ċun cinn.

Ṁíniġ Caṫal Ó Feinneaḋa, Uaċtarán an Ċonarṫa cuspóir na h-eagraíoċta. Ṁol sé don ċraoḃ nua cruinniṫe rialta a ḃeiṫ acu agus imeaċtaí taiṫneaṁ-aċa a ċur ar siúl a ḃeaḋ dírIṫe ar ḋreamanna áiriṫe. Ní miste teaċt le ċéile míosúil a ḃeiṫ ag na Gaeilgeoirí in Óstán le tae, caidreaṁ, ceol agus cainteanna. Ba ċeart aire faoi leiṫ a ṫabairt do na déagóirí. B'ḟiú don Ċumann Drámaíoċta dráma a iontráil ar Ḟeis Áṫa Cliaṫ.

Ṁíniġ Séamas Ó Caṫasaiġ an saoṫar a ḃí déanta ag Cluain Dolcáin ċun duais Ġlór na nGael do na bruaċḃailte a ḃaint amaċ anuraiḋ agus ṁol sé iarraċt nua seo na gcoṁarsan.

Togaḋ coiste ċun an craoḃ nua a stiúrú: Caṫaoirleaċ, Séamas Ó Muireaḋaiġ. Rúnaí—Liam Ó Cuirc. Cisteoir — Doṁnall Mac Raġnaill. Baill eile an Ċoiste — Gabriel Mac Loċlainn, Labrás Ó Dongaill agus Seosaṁ Beausang.

Cuistiméir: Tá ribe fada duḃ gruaige i mo ċuid anraiḋ, a ḟreastálaí.

Freastálaí: Ní le duine ar biṫ san tí-ósta seo an ribe sin a ḋuine ċóir. Ṫionntaiġ muid uiliġ liaṫ ag éisteaċt le gearáin ár gcuistiméirí.

Dilleaċtaí

Ṫáinig scigire fad le sagart lá aṁáin na ṡeasaṁ dó ar sráid i Londain agus scairt sé amaċ go hárd leis an sagart "Ó, Mr. Priest, ar ċuala tú an nuaíoċt is moille? Tá an diabal marḃ!" Gan stad dá laġad arsan sagart go gasta le mo ḋuine: "A ḋilleaċtaí ḃoiċt! Seo réal duit, le cuidiu leat cailleaṁaint duine ċoṁ gar duit agus ċoṁ ġrámar leat, a ḟuilsint!"

Gasúr Glic

Ḃí máistir ag cur na luí ar an rang an fíre naċ dtig leat rud a ḋealú ó rudaí eile muna ḃfuil siad den ainmniú céanna. "Mar ṡompla," arsa seisean, "ní féidir linn dá úll a ḋealú ó ṫrí oráistí". Le sin ċuir gasúr glic suas a láṁ agus ar seisean: "Aċ a ṁáistir, naċ dtig linn ceiṫre úllaí a ḃaint ó dá ċrann?!"

Íocfaiḋ tú as

Roimh trí bliana ó ṡoin ċuala mé fá ḃean-tí i mBaile Áṫa Cliaṫ a ċoinniġ ceaṫrar cailín i seomraí breáṫa (i dtí mór léi) mar tionóntaí. Ḃí cíos réasúnta le díol aca agus ḃí breis le díol ar ṫeas. Ḃain triúr de na cailíní úsáid as teinte leictreaċais i riṫ an ama a raiḃ siad san áit. Ansin go tobann d'ḟág siad an áit agus b'éigin don ḃean-tí na billí móra don ċuṁaċt leictreaċais a íoc í féin. Ceistiġ duine aṁáin í naċ leanfaḋ sí na cailíní seo agus tabairt orṫa a ḃfiaċa a ḋíol? "Ní leanfaiḋ mé iad," ar sise. "Aċ sa deire ṫiar ṫall, bí cinnte de, go leonfaiḋ a 'gcoinsias gaċ duine aca. Nár ligfiḋ Dia go mbéiḋ sé ró-ṁall aca géilleaḋ dó as rud a ḋéanaṁ air."

Freastálaí: Caidé mar fuair tú an stéig, a ḋuine uasail?

Cuistiméir: Fuair mé é na luí i ḃfolaċ faoin ċabáiste — an ruidín beag glic!

Eagla Croí

Éamon: Táimid ag dul ó ṫuaiḋ i mbliana ar ár laeṫe saoire.

Anḋaí: Aċ naċ ḃfuil an aoráid ansin fliuċ go maiṫ. Ní réiteoḋ sé le do ḃean-ċéile is dóiġ liom.

Éamon: Ní ligfeaḋ an eagla dó gan réiteaḋ léi-se!

Máṫair mórtasaċ: Cailín beag cliste is ea Síle. Níl sí aċ deiċ mbliana agus tá sí ag fóġlaim Fraincis agus Algébra. A Ṡíle—abair rud éigin do Ḃean Uí Ṁóráin in Algébra!

Máṫair imníoċ: "A ṫaisci caidé mar ṫaiteann sé leat beiṫ pósta ar dornálaí?"

Iníon nua-ṗósta: Ní ṫaiteann sé ró-ṁaiṫ liom a Ṁámaí. Caiṫfiḋ mé seasaṁ os a ċionn gaċ maidin agus deiċ a ċuntas, sul a gcorraíonn sé amaċ as an leaba!

AN FÁINNE NUA?

Labhrann an-chuid daoine Gaeilge liom ó thosaigh mé á chaitheamh. Tá cairde nua agam gach lá dá bharr.

***AN FÁINNE NUA ÓIR** do Ghaeilgeoiri líofa ós cionn 17 mbliana arbh í an Ghaeilge is rogha leo a labhairt ar gach ócáid is féidir. (12/6).

***AN FÁINNE NUA AIRGID** do Ghaeilgeoiri idir 12-17 mbliana ar fonn leo Gaeilge a labhairt ar gach ócáid is féidir. (4/-).

AN FÁINNE NUA DAITE do dhaoine fásta nach bhfuil mórán Gaeilge acu, ach ar mhian leo a bhfuil i gcumas dóibh dí a labhairt (5/-).

*Tá daoine id cheantar a bhfuil údarás acu tú a mholadh le haghaidh na bhFáinní seo. Déan teagmháil leo, nó líon an cúpón seo agus seol é chuig aon cheann de na hEagraíochtaí seo: AN COMHCHAIDREAMH/AN RÉALT/CARA/COMHDHÁIL NÁISIÚNTA NA GAEILGE/CONRADH NA GAEILGE/CUMANN NA SAGART/GAEL-LINN/GLÚIN NA BUA/NA TEAGHLAIGH GHAELACHA, nó chuig AN COMHCHOISTE, 29, SRÁID UÍ CHONAILL ÍOCHT, BAILE ÁTHA CLIATH 1.

☐ Cuir chugam breis eolais faoin bhFáinne Nua Óir/Airgid

☐ Cuir chugam ..... Fáinní Daite @ 5/-; tá £...s...d... istigh le seo

AINM ....

....

SEOLADH ....

....

....

Arna eisiúint ag Caomhnóiri an tSuaitheantais.

IS DUITSE AN FÁINNE NUA

Fógraíocht Uí Loingsigh Teo.